Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 20 Bealtaine 2025**
**(OR. en)**

**8690/25**

**MOG 42**
**YEMEN 2**
**CFSP/PESC 666**
**COPS 197**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 20 Bealtaine 2025 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le hÉimin |

Gheobhaidh na toscaireachtaí na Conclúidí ón gComhairle maidir le hÉimin i gceangal leis seo, arb iad na conclúidí iad a d’fhormheas an Chomhairle Gnóthaí Eachtracha ag an gcruinniú a bhí aici an 20 Bealtaine 2025.

## CONCLÚIDÍ ÓN GCOMHAIRLE MAIDIR LE HÉIMIN

1. Agus é á mheabhrú dó na Conclúidí ón gComhairle roimhe seo maidir le hÉimin i mí na Nollag 2022 agus a thiomantas tacú le muintir Éimin, cuireann an tAontas in iúl gur cúis mhór imní dó an meath tromchúiseach atá tagtha ar an tslándáil in Éimin agus iarrann sé ar na páirtithe uile cloí lena n-oibleagáidí faoin Dlí Idirnáisiúnta, lena n-áirítear an Dlí Daonnúil Idirnáisiúnta. Cáineann an tAontas go láidir na bagairtí Houthi agus na hionsaithe neamh-idirdhealaitheacha ar an loingseoireacht mhuirí idirnáisiúnta, sa Mhuir Rua agus i Murascaill Áidin agus i gcoinne Iosrael. Is bagairt dhíreach iad na hionsaithe sin ar an tsíocháin agus ar an gcobhsaíocht réigiúnach, ar an tráchtáil dhomhanda agus ar an tsaoirse loingseoireachta mar leas poiblí domhanda agus ar an staid dhaonnúil in Éimin atá uafásach cheana féin. Tar éis 10 mbliana de choinbhleacht in Éimin, is cosúil go bhfuil an sos cogaidh atá faoi stiúir na Náisiún Aontaithe níos leochailí ná riamh agus tá baol mór ann go dtiocfaidh géarú breise ar chúrsaí sa bhaile agus sa réigiún. I gcomhthéacs ionsaithe na Houthi, tá stop curtha leis na hiarrachtaí síochána faoi stiúir na Náisiún Aontaithe, tá méadú ag teacht ar leathadh arm agus ar bhagairtí sceimhlitheoireachta in Éimin agus sa réigiún, agus tá an staid dhaonnúil sa tír ag dul in olcas i gcónaí, ar ábhar imní é, agus tá sáruithe agus mí-úsáidí tromchúiseacha ar chearta an duine fós á dtaifeadadh. Ag an bpointe cinniúnach seo, ní mór filleadh ar chogadh iomlán a chosc, rud a bheadh tubaisteach ní hamháin do dhaonra Éimin, ach a d'fhéadfadh éifeachtaí diúltacha iarmharta a imirt ar an réigiún máguaird agus ar an tslándáil mhuirí agus ar shaoirse loingseoireachta sa Mhuir Rua. Ag an am céanna, tá tionchar mór ag dinimic réigiúnach ar an staid in Éimin.

2. I bhfianaise na bhforbairtí sin ar ábhar imní iad, agus i bhfianaise an mhéadaithe atá ag teacht ar an mbaol go ndéanfar troid intíre a adhaint arís, iarrann an tAontas go gcuirfí dlús nua leis na hiarrachtaí síochána in Éimin. Athdhearbhaíonn an tAontas go dtacaíonn sé go láidir le hidirghabháil agus le tionscnaimh réigiúnacha na Náisiún Aontaithe lena ndírítear ar shos cogaidh inbhuanaithe in Éimin, ar dheireadh a chur leis na hionsaithe sa Mhuir Rua agus i gcoinne Iosrael, agus ar na páirtithe a bheith i mbun caibidlíochta fónta arís chun teacht ar réiteach polaitiúil cuimsitheach lena dtabharfar aghaidh ar ghnéithe polaitiúla, eacnamaíocha agus slándála na coinbhleachta. Tá an tsíochána agus an chobhsaíocht in Éimin ríthábhachtach freisin do shlándáil réigiún na Murascaille agus na Mara Rua, agus dá bhrí sin tá rannpháirtíocht

réigiúnach ríthábhachtach i gcónaí. Agus é tiomanta d'aontacht, ceannasacht, neamhspleáchas agus iomláine chríochach Éimin, leanfaidh an tAontas de thacaíocht láidir a thabhairt do Thoscaire Speisialta na Náisiún Aontaithe d'Éimin agus dá fhoireann trí mhodhanna taidhleoireachta agus trí thionscnaimh rian I agus rian II araon a éascú agus a chistiú. Molann an tAontas na hiarrachtaí leanúnacha atá á ndéanamh ag gníomhaithe réigiúnacha chun an bealach a réiteach do shocrú polaitiúil agus do shíocháin mharthanach sa tír. Tá an tAontas toilteanach a rannpháirtíocht dhíreach a mhéadú maidir le filleadh na bpáirtithe éagsúla ar an idirphlé a éascú chun teacht ar réiteach polaitiúil cuimsitheach.

3. Aithníonn an tAontas go bhfuil Rialtas Éimin réidh le bheith rannpháirteach chun freagracht agus úinéireacht a ghlacadh. Leanfaidh an tAontas de thacaíocht a thabhairt do Rialtas Éimin agus do Chomhairle Ceannaireachta an Uachtaráin (PLC) ina n-iarrachtaí athchóirithe agus dea-rialachas a chur chun cinn, go háirithe tríd an bPlean Cuimsitheach Rialtais um Athchóiriú, agus béim á leagan aige ar a ríthábhachtaí atá aontacht agus láithreacht leanúnach i bpríomhchathair sealadach Áidin. Leanfaidh an tAontas de thacaíocht a thabhairt don Choimisiún Comhairliúcháin agus Athmhuintearais (CRC), mar an príomhardán idirphlé institiúideach do pháirtithe polaitiúla in Éimin. Tathantaíonn an tAontas ar Rialtas Éimin agus ar Chomhairle Ceannaireachta an Uachtaráin an aontacht inmheánach a neartú agus feabhas a chur ar sholáthar seirbhísí agus ceart bunúsach do mhuintir Éimin, atá bunriachtanach do chobhsaíocht pholaitiúil agus eacnamaíoch Éimin. Tá an tAontas réidh freisin chun dlús a chur leis na hiarrachtaí chun tacú le sochaí shibhialta Éimin.

4. I gcomhthéacs níos leithne, meabhraítear don Aontas vótaí dearfacha Éimin i gComhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe ina gcáintear fogha na Rúise faoin Úcráin agus iarrann sé ar Éimin tacaíocht leanúnach a thabhairt d'iomláine chríochach na hÚcráine, don ord idirnáisiúnta riailbhunaithe a chosaint agus síocháin chuimsitheach chóir mharthanach a bhaint amach san Úcráin, i gcomhréir le prionsabail Chairt na Náisiún Aontaithe.

5. Is cúis mhór imní don Aontas go bhfuil an staid eacnamaíoch in Éimin ag dul in olcas mar gheall ar bhoilsciú ard, dímheas seasta airgeadra agus géarchéim scáfar baincéireachta. Tá an tAontas réidh chun tacú le Rialtas Éimin rialachas aontaithe, cuimsitheach, inbhuanaithe agus fónta ó thaobh an gheilleagair de a fhorbairt chun an t-éilliú a chomhrac, cuntasacht a fheabhsú, bailiú ioncaim a fheabhsú, athaontú an chórais baincéireachta a chur chun cinn agus rioscaí daonnúla a mhaolú. Chuige sin, iarrann an tAontas ar an gcomhphobal idirnáisiúnta, go háirithe ar ghníomhaireachtaí na Náisiún Aontaithe, ar institiúidí idirnáisiúnta airgeadais agus

ar dheontóirí, a rannpháirtíocht ar an láthair a chomhordú chun tuilleadh meatha agus an baol go gclisfeadh ar institiúidí Rialtas Éimin a chosc.

6. Sa chomhthéacs sin, leanfaidh an tAontas de thacaíocht a thabhairt do dhea-rialachas Rialtas Éimin. Tacaíonn an tAontas le haontú agus feidhmiúlacht earnáil slándála an Rialtais, go háirithe maidir le hathchóiriú na hearnála slándála sibhialta agus fothú acmhainní. I ndáil leis an méid sin, tá an tAontas tar éis a thacaíocht do Gharda Cósta Éimin a mhéadú cheana féin agus tá sé réidh chun páirt a ghlacadh in iarrachtaí breise le comhpháirtithe idirnáisiúnta chun feabhas a chur ar chumas na nGardaí Cósta patról a dhéanamh ar an bhfarraige agus saoirse loingseoireachta a áirithiú.

7. Is cúis mhór imní don Aontas go bhfuil an staid dhaonnúil in Éimin ag dul in olcas i gcónaí, agus tá cúnamh agus cosaint dhaonnúil de dhíth ar 19.5 milliún duine (60 % den phobal), agus is mó seans go mbeidh mná agus cailíní ag brath ar an gcúnamh agus an chosaint sin, tá 9.6 milliún ar a laghad i ngéarghá le cúnamh tarrthála, tá 17.1 milliún duine thíos le géar-neamhshlándáil bia, tá os cionn 4.8 milliún duine easáitithe ina dtír féin, tá baol níos airde mí-úsáide agus dúshaothraithe ann i gcás 6 mhilliún bean agus cailín, tá 2.3 milliún leanbh míchothaithe go dona agus tá 35 % de chásanna an chalair ar fud an domhain. Tá an géarú míleata leanúnach, an timpeallacht oibriúcháin atá ag dul in olcas agus an cur isteach leanúnach ar chúnamh daonnúil neamhchlaonta ar fud Éimin, lena n-áirítear coinneáil threallach na Houthi, díobhálach d'iarrachtaí idirnáisiúnta chun cabhrú le muintir Éimin sa bhreis ar laghdú nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo ar chistiú idirnáisiúnta. Cáineann an tAontas agus a Bhallstáit go láidir coinneáil threallach leanúnach na foirne áitiúla ó ghníomhaireachtaí na Náisiún Aontaithe, ó eagraíochtaí neamhrialtasacha agus ó mhisin taidhleoireachta agus athdhearbhaíonn siad an iarraidh phráinneach go scaoilfí saor láithreach agus gan choinníoll iad. Tá an tAontas agus a Bhallstáit fós ina bpríomhghníomhaí daonnúil in Éimin, agus chuir an tAontas os cionn EUR 1.6 billiún de chúnamh foriomlán ar fáil ó bhris an choinbhleacht amach in 2015. I bhfianaise an laghdaithe atá tagtha ar mhaoiniú an chúnaimh idirnáisiúnta d'Éimin agus i bhfianaise na timpeallachta oibriúcháin atá ag éirí níos casta, iarrann an tAontas go ndéanfaí an chabhair dhaonnúil a mhéadú agus iarrann sé ar na páirtithe uile rochtain dhaonnúil iomlán gan bhac a áirithiú i gcomhréir leis an Dlí Daonnúil Idirnáisiúnta agus le prionsabail dhaonnúla, agus an nasc idir an daonnúlacht agus an fhorbairt a athbhreithniú agus tacú leis an gcreat iltaobhach freagartha agus tacaíocht a mhéadú don ghníomhaíocht dhaonnúil faoi stiúir áitiúil. Is géar neamhshlándáil an tsoláthair bia: gan tacaíocht leordhóthanach, meastar go mbeidh 6 mhilliún duine breise thíos le leibhéil éigeandála neamhshlándála bia. Tacaíonn an tAontas le cinneadh na Náisiún Aontaithe, a bhfuil géarghá leis, tús áite a thabhairt do chláir dhaonnúla tarrthála sna limistéir is mó atá buailte agus iarrann sé ar dheontóirí rannpháirtíocht chomhpháirteach ar bhonn prionsabail a choinneáil, an spás daonnúil a chosaint agus tubaiste dhaonnúil a sheachaint.

8. Tá an tAontas agus a Bhallstáit, i gcur chuige Fhoireann na hEorpa, tiomanta leanúint dá gcúnamh forbartha d'Éimin, i gcás inar féidir, agus é mar aidhm acu feabhas a chur ar dhálaí slí beatha mhuintir Éimin trí infheistíochtaí i dtéarnamh agus athchóirithe eacnamaíocha, cruthú post agus athléimneacht an stáit agus na sochaí a threisiú, lena n-áirítear i réimsí mar shampla slándáil bia, talmhaíocht, leictreachas agus uisce, sláintíocht agus seirbhísí sláinteachais. Leanfaidh an tAontas de bheith ag obair chun rochtain ar sheirbhísí bunúsacha a fheabhsú don phobal in Éimin, agus béim ar leith á leagan ar mhná agus ar an óige.

9. Leanfaidh an tAontas de bheith ag tacú go láidir le cosaint éifeachtach chearta an duine agus le hurraim don Dlí Daonnúil Idirnáisiúnta ar fud Éimin, lena n-áirítear trí fhaireachán agus doiciméadú leanúnach neamhspleách neamhchlaonta a dhéanamh ar sháruithe tromchúiseacha ar chearta an duine agus ar an Dlí Daonnúil Idirnáisiúnta. Is cúis imní don Aontas an chniogbheartaíocht leanúnach atá á déanamh ar an tsochaí shibhialta agus ar chearta na mban in Éimin, go háirithe ag na Houthi. Is cúis mhór imní don Aontas i gcónaí an tionchar atá ag an gcoinbhleacht ar shibhialtaigh agus is olc leis líon ard na dtaismeach sibhialtach, na hionsaithe ar an mbonneagar sibhialtach, lena n-áirítear na hionsaithe sin a bhaineann le héifeachtaí neamh-idirdhealaitheacha mianach talún agus iarsmaí pléascacha cogaidh. Tathantaíonn an tAontas ar na páirtithe freisin a áirithiú nach n-earcófar leanaí sna fórsaí armtha, nach mbeidh siad rannpháirteach sa chogaíocht agus go gcosnófar iad ar éifeacht na cogaíochta. Is cuid ríthábhachtach den phróiseas síochána iad an chuntasacht agus an ceartas idirthréimhseach; ba cheart do Rialtas Éimin agus do na Houthi araon tabhairt faoi phríosúnaigh a scaoileadh saor a thuilleadh.

10. Cáineann an tAontas leathadh arm a théann chun tairbhe do na Houthi agus do ghrúpaí neamhstáit armtha eile, lena n-áirítear eagraíochtaí ainmnithe sceimhlitheoireachta ar nós Al-Shabaab agus Al Qaida i Leithinis na hAraibe (AQAP), de shárú ar an dlí idirnáisiúnta, chomh maith leis an méadú suntasach atá tagtha ar an ngáinneáil ar airm ar fud Éimin, na Mara Rua agus Chorn na hAfraice, rud a chuireann an chobhsaíocht réigiúnach i mbaol. Tá imní ar an Aontas i gcónaí faoi naisc líomhnaithe Houthi-Al-Shabaab arna n-éascú ag líonraí coireachta eagraithe atá gníomhach sa réigiún. Agus é á mheabhrú dó an oibleagáid atá ar gach Stát an trádbhac arm faoi Rún 2216 (2015) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe a urramú, iarrann an tAontas ar thríú páirtithe agus go háirithe ar an Iaráin stop a chur lena dtacaíocht agus lena seachadtaí arm chuig na Houthi agus rannchuidiú leis an díghéarú. Leanfaidh an tAontas de thacaíocht a thabhairt do Shásra Fíorúcháin agus Cigireachta na Náisiún Aontaithe

(UNVIM), agus é ag iarraidh ag an am céanna go ndéanfaí a shainordú a threisiú chun feabhas a chur ar a ról agus ar a éifeachtúlacht i bhforfheidhmiú thrádbhac arm na Náisiún Aontaithe, UNSCR 2216 (2015). Beidh sé de rogha ag an Aontas i gcónaí cur i gcoinne iompar díobhálach na Houthi agus airm agus ábhar gaolmhar a sheachadadh chuig na Houthi, lena n-áirítear trí bhearta sriantacha breise a úsáid.

11. Déanfaidh an tAontas a rannpháirtíocht láidir sa Mhuir Rua a choinneáil agus a fheabhsú trína oibríocht mhuirí chosantach EUNAVFOR ASPIDES, a seoladh i mí Feabhra 2024 lena leantar de chosaint a thabhairt do shoithí tráchtála idirthurais, agus ina theannta sin dlús a chur lena rannchuidiú le feasacht ar an tslándáil mhuirí, agus sineirgí le EUNAVFOR ATALANTA á lorg ag an am céanna. Tá an tAontas tiomanta i gcónaí tacú leis na hiarrachtaí uile atá i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta, saoirse loingseoireachta a áirithiú sa Mhuir Rua, lánaí loingseoireachta ríthábhachtacha a chosaint agus cuidiú le sreafaí rialta trádála a athbhunú trí Chanáil Shuais a nascann leis an Meánmhuir agus iarrann sé ar gach tír sa réigiún páirt a ghlacadh sna hiarrachtaí sin. Molann an tAontas torthaí iontacha ASPIDES, a ghabh níos mó ná 440 long le linn na chéad bhliana dá shainordú agus a sheachain mórthubaiste comhshaoil sa Mhuir Rua agus sna stáit chladachúla agus cur isteach breise ar na bealaí loingseoireachta sa réigiún. Iarrann an tAontas go gcuirfeadh na Houthi stop leis an gcleachtas maidir le soithí trádála agus a gcriúnna a choinneáil go neamh-idirdhealaitheach agus go treallach, sábháilteacht maraithe a chaomhnú agus stop a chur le gach gníomhaíocht a chuireann bac ar thrádáil idirnáisiúnta agus ar shlándáil réigiúnach.

12. Cuireann an tAontas i bhfios go láidir a thábhachtaí atá dlúthchomhar agus dlúthchomhordú le comhpháirtithe idirnáisiúnta chun an tslándáil mhuirí sa Mhuir Rua a chosaint, chun comhar réigiúnach níos leithne a chur chun cinn agus chun aghaidh a thabhairt ar fhoinsí neamhshlándála muirí, lena n-áirítear trí obair Ionadaithe Speisialta an Aontais faoi seach. Sa chomhthéacs sin, cuirfidh an tAontas feabhas ar an gcomhar le comhpháirtithe réigiúnacha, le stáit chladachúla agus le comhpháirtithe atá ar aon intinn leo.